Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2022**

**CM 5805/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0371(COD)**

**CODEC**
**ECOFIN**
**RELEX**
**NIS**
**FIN**
**COEST**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Laurent.Laboure@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.7400 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +)<br>Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 5802/22:<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 5802/22 an 9 Nollaig 2022 agus ar cuireadh fad leis le CM 5802/1/22 REV1 an 10 Nollaig 2022, a thabhairt i gcrích an 10 Nollaig 2022 ar 13.55.

Vótáil na toscaireachtaí uile, cé is moite den Ungáir a vótáil ina choinne, i bhfabhar ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +), mar a leagtar amach in 15727/22 é, agus leis an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, mar a leagtar amach in 15727/22 ADD1 REV1 é.

Vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar maolú a dhéanamh, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

D'aontaigh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.